# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2013*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 5 Meitheamh 2013
Tráthnóna, 2:00 i.n. go 4:00 i.n.

| *Don Fheitheoir amháin* |
|---|
| Stampa an Ionaid |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3, agus Ceist C4. Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| *Don Scrúdaitheoir amháin* | | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | | | **Roinn A** | | |
| 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | | | **Roinn B** | | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | | | **Roinn C** | C1 | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | | | | C2 | |
| 5. An marc iomlán a bronnadh, má tá bónas don Ghaeilge san áireamh. (3 + 4) | | | | C3 | |
| 6. Creidiúint. | | | | C4 | |
| Nóta: Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Iomlán**. | | | **IOMLÁN** | | |

# *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar am duit ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.
- An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar am duit ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.
- An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ansin ba chóir duit Ceist 10, a léifear ar an taifeadadh a fhreagairt.

| ***Féadfaidh tú an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir duit do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**1.** (a) Cá bhfuil Pádraig ag obair? (1 mharc)

(b) Cén fáth a dtagadh daoine ag lorg cóir leighis roimhe seo? (1 mharc)

**2.** (a) Cad is *scúnc* ann? (2 mharc)

(b) Cad is THC ann? (1 mharc)

**3.** (a) Tá breis THC sa channabas anois. Cén toradh atá air sin? (2 mharc)

(b) In 2010, cad a thaispeáin figiúirí ón mBord Taighde Sláinte? (2 mharc)

(c) Cén aois atá ag formhór na n-othar a thagann go dtí an Lárionad? (1 mharc)

**4.** (a) Cad is *whiteys* ann? (2 mharc)

(b) Cén tslí eile a dtéann an cannabas i bhfeidhm ar Louise? (1 mharc)

**5.** (a) Cad a chreideann Louise ba chóir a bheith ar mhála *weed*? (1 mharc)

(b) Cén fáth a gcreideann sí é sin? (2 mharc)

(c) Cén fáth a ndeir Pádraig '*nach dtéann an cannabas i bhfeidhm ar gach duine sa tslí chéanna*'? (2 mharc)

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat Ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt. Ba chóir duit do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**6.** (a) Cén miotas a gcaithfear deireadh a chur leis? (1 mharc)

(b) Cén galar a d'fhéadfadh teacht ar dhaoine a chaitheann cannabas? (1 mharc)

(c) Cén fáth a bhfuil baol breise ann go bhfaighidh daoine a chaitheann cannabas an galar seo? (2 mharc)

**7.** (a) Cad a taispeánadh nuair a rinneadh anailís ar an gcannabas a bhí gafa ag na Gardaí? (1 mharc)

(b) Ainmnigh **dhá** riocht a d'fhéadfadh úsáid throm cannabais a tharraingt ar roinnt daoine óga. (2 mharc)

1. 

2. 

**8**. De réir staidéir a rinneadh le déanaí sa Nua-Shéalainn, liostaigh **dhá** fhadhb a luaitear le caitheamh cannabais. (2 mharc)

1. 

2. 

**9.** (a) Rinneadh an staidéar seo i measc grúpa áirithe daoine. Liostaigh **dhá** rud faoin ngrúpa seo. (2 mharc)

1. 

2. 

(b) Luaigh cad a tharlaíonn nuair a éiríonn duine as an druga a chaitheamh. (1 mharc)

(c) Cén fáth nach n-oibreodh sé, b'fhéidir, rabhadh a thabhairt do dhéagóirí faoin mbaol a bhaineann le cannabas? (1 mharc)

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair Ceist 10 a léifear ar an taifeadadh. Féadfaidh tú do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Féadfaidh tú an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

Freagair an cheist sa spás thíos, le do thoil.

Cúis 1

Cúis 2

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**.

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart i ngach ceist.

**1.** Cén post atá ag an Dr. Micheál D. Ó hUiginn?



Taoiseach ☐ Tánaiste ☐ Uachtarán ☐

**2.** Agus gearán á dhéanamh i mbialann nó i siopa, cé acu iompar is oiriúnaí?

Ceannasach ☐ Fulangach ☐ Ionsaitheach ☐

**3.** Agus earraí á gceannach ar chárta dochair bainc




Íocann an banc as na hearraí agus íocann an custaiméir astu níos déanaí ☐

Tógtar an íocaíocht as na hearraí go díreach as cuntas bainc an chustaiméara go leictreonach ☐

Is leis an mbanc na hearraí go dtí go ndéanann an custaiméir an íocaíocht deiridh astu ☐

**4.** Is liosta de vótálaithe i gceantar é Clár na dToghthóirí. Cén áit ar féidir le duine Clár na dToghthóirí a fheiceáil?

Nuachtáin áitiúla ☐ Stáisiún na nGardaí ☐ Oifig Eolais do Shaoránaigh ☐

**5.** Is éard atá i gcaiféin, an druga a bhíonn sa chóla, sa chaife agus sa tae ná



Spreagthach ☐ Dúlagrán ☐ Suaimhneasán ☐

**6.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina fhoinse fuinnimh inbhuanaithe?



Gás ☐



Gaoth ☐



Gual ☐

**7.** Is gnách go luaitear eagraíocht neamhrialtasach (NGO) le

Carthanais ☐ Institiúidí airgeadais ☐ Ranna Rialtais ☐


**8.** Is éard a thugtar ar na brabúis a dhéanann na comhaltaí de Chomhar Creidmheasa ná

Scaireanna ☐ Ús ☐ Díbhinní ☐

**9.** Is é is réamhchlaonadh ann ná

Tuairim a bhíonn ag duine gan eolas iomlán ☐
An tuairim go bhfuil cine amháin níos fearr ná ceann eile ☐
Drochíde a thabhairt do dhuine toisc é a bheith difriúil ☐

**10.** Cén chuid d'orgáin atáirgthe an fhir ina ndéantar speirm?




Péineas ☐ Uiríocha ☐ Próstatach ☐

**11.** Is é 18 mbliana an aois is lú nach mór a bheith ag duine in Éirinn le pósadh nó le bheith ina pháirtí sibhialta. An eisceacht uaidh seo ná

Má phósann tú lasmuigh den stát ☐
Má fhaigheann tú cead tuismitheora ☐
Má fhaigheann tú ordú díolúine ón gcúirt ☐



**12.** Is é atá sa scála i léamh léarscáileanna ná

Liosta eochracha a dhéanann cur síos ar ghnéithe ar an talamh ☐
Treoir chun an fad idir áiteanna ar an léarscáil a dhéanamh amach ☐
Sceitse den cheantar ina bhfuil na príomhghnéithe ☐

**13.** Cé acu ráiteas díobh seo is fearr a dhéanann cur síos ar obair Threshold?

THRESHOLD

Is seirbhís chomhairle agus bhuiséadta í Threshold do dhaoine atá i bhfiacha ☐
Cosnaíonn Threshold cearta na ndaoine atá gan áit chónaithe ☐
Oibríonn Threshold chun cearta tionóntaí ar áit chónaithe fhónta a chosaint ☐

**14.** Cé acu ceann díobh seo a leanas an tsiombail do Amnesty International?

☐ ☐ ☐

**15.** Ba chóir do bhean aigéad fólach a thógáil roimh thoircheas di agus lena linn chun cosc a chur le



Spina Bifida ☐ Siondróm Alcóil san Fhéatas ☐ Siondróm Down ☐

*Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST.

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

**Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte** (15 mharc)

**1.**

## Tá Toitín Amháin as Gach Trí Cinn a Dhíoltar i mBaile Átha Cliath Mídhleathach



Meastar go bhfuil toitín amháin as gach trí cinn a dhíoltar i mBaile Átha Cliath mídhleathach. Maíonn déantóirí tobac go bhfuil Éire mar sprioc ag buíonta coiriúla idirnáisiúnta de bharr na bhfíneálacha beaga a ghearrtar anseo agus toisc go bhfuil sé chomh héasca sin toitíní mídhleathacha a dhíol anseo. Creideann lucht déanta tobac go n-ardófar an praghas ar bhosca fiche toitín go dtí níos mó ná €9 mar gheall ar an méadú ar CBL agus ar mhál sa cháinaisnéis deiridh. Is é sin an rud is cúis leis an méadú mór ar líon na dtoitíní mídhleathacha a dhíoltar ar na sráideanna.

Tá sé molta ag roinnt eagraíochtaí saorálacha sláinte go ngabhfadh an stát formhór an bhrabúis a dhéanann tionscal an tobac i margadh na hÉireann. Maíonn siad go bhfuil brabús ollmhór á dhéanamh ag tionscal an tobac anseo in Éirinn. Moltar in aighneacht atá curtha go dtí an Roinn Airgeadais gur chóir d'Éirinn an cháin a fhaightear as bosca toitíní a mhéadú go dtí thart ar 90%. Is é sin an ráta sa Ríocht Aontaithe faoi láthair. 79% an ráta atá i bhfeidhm anseo. Bheadh €150 milliún sa bhreis sa bhliain ag an rialtas le híoc as na costais a bhaineann leis na fadhbanna sláinte a thagann as caitheamh tobac.

(a) Liostaigh **dhá** rud a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun díol na dtoitíní mídhleathacha in Éirinn a stopadh. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Ainmnigh fadhb shláinte **amháin** seachas an ailse a luaitear le caitheamh tobac. (1 mharc)

______________________________

**2.** (a) Ainmnigh bia atá ina fhoinse mhaith díobh seo (3 mharc)



Próitéin: ____________________

Carbaihiodráit: ____________________

Iarann: ____________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le réim shláintiúil bia a ithe. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**3.** Is éard atá sa tsláinte ná folláine fhisiciúil, intinne agus shóisialta iomlán agus ní díreach easpa galar nó breoiteachta.

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Sa léaráid thíos déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh tuismitheoir folláine (a) fhisiciúil, (b) shóisialta agus (c) intinne páiste deich mbliana d'aois a chur chun cinn. (3 mharc)

(a) Folláine fhisiciúil:


______________________________

(b) Folláine shóisialta:

______________________________

(c) Folláine intinne:

______________________________




**4.**



A Susan, a chara,

Táim an-bhuartha faoi mo chara Sorcha. Thug a buachaill léasadh di. Teastaíonn óna tuismitheoirí nach mbeadh baint ar bith aici leis feasta ach dealraíonn sé nach féidir léi é a fhágáil. Mothaíonn sí gurb é a hanamchara é agus, d'ainneoin an fhoréigin, nach mbeadh an ceangal sin aici le duine ar bith eile. Conas is féidir liom a chur ina luí uirthi go mbeadh sí as a meabhair dul ar ais chuige?

Áine

Liostaigh **dhá** phíosa comhairle ba chóir d'Áine a chur ar Shorcha. (2 mharc)

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

5.

**Dúlagar agus Féinmharú**

Taispeánadh i staidéar le déanaí gur mhothaigh ceathrar as gach deichniúr daoine óga i suirbhé in Éirinn, nárbh fhiú a bheith beo ag pointe áirithe.

**Neamhoird Itheacháin**

Measann an Roinn Sláinte go bhféadfadh neamhoird itheacháin a bheith ar suas le 200,000 duine in Éirinn. Meastar gur 400 cás nua a thagann chun tosaigh gach bliain agus faigheann 80 duine bás in aghaidh na bliana.

**An Bhulaíocht**

In Éirinn tá cuntas Twitter ag duine amháin as gach cúigear agus tá cuntas Facebook ag níos mó ná leath na ndaoine atá os cionn 15 bliana d'aois. Tá méadú ag teacht ar an líonrú sóisialta in Éirinn. Is é an míbhuntáiste a bhaineann leis sin ná gur féidir leis a bheith ina mhodh bulaíochta agus trollála.

(a) Roghnaigh ceann **amháin** de na fadhbanna thuas a bhíonn ag daoine óga sa lá atá inniu ann. Ainmnigh eagraíocht a thugann cúnamh leis an bhfadhb seo. (1 mharc)

Fadhb: __________________________ Eagraíocht: ______________________________________

(b) Déan cur síos ar an gcúnamh/an tacaíocht a chuireann an eagraíocht seo ar fáil. (1 mharc)

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 mharc)

**1.**

## Moltar Oibrithe Deonacha i mBronnadh Dhuaiseanna na mBailte Slachtmhara

**Bhronn an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, duaiseanna Supervalu na mBailte Slachtmhara in 2012. Bhí beagnach 1,000 oibrí deonach as gach cearn den tír i láthair. Dúirt an tUas. Hogan: "Tá an bua tuillte agaibh uile. Téann díograis agus fuinneamh na ndaoine go léir a ghlacann páirt gach bliain i gcomórtas na mbailte slachtmhara i bhfeidhm orm i gcónaí. Tugann na daoine seo a gcuid ama agus a gcuid saothair go deonach bliain i ndiaidh bliana chun a bpobal a fheabhsú. Tá toradh a gcuid iarrachtaí le feiceáil ar fud na tíre i mbailte móra agus i mbailte beaga atá tarraingteach slachtmhar. Is léir má oibríonn daoine le chéile, má théann siad amach chun rudaí a dhéanamh, go méadaíonn sé bród na ndaoine as a n-áit dúchais agus cabhraíonn sé le pobail níos láidre a thógáil".**

Liostaigh **dhá** chúis ar chóir do bhaill phobail páirt a ghlacadh in obair ghrúpa áitiúil na mBailte Slachtmhara. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**2.** (a) Seachas eagraíocht na mBailte Slachtmhara agus eagraíochtaí spóirt, ainmnigh grúpa deonach **amháin** eile i do cheantar a chuireann seirbhís ar fáil do bhaill an phobail. (1 mharc)

______________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** sheirbhís a chuireann an grúpa deonach seo ar fáil. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**3.**

## IMNÍ FAOIN bPLEANÁIL – CEISTEANNA LE FREAGAIRT

D'ardaigh an Roinn Comhshaoil ábhair imní faoi líon na dtithe aon uaire a bhí á gceadú faoin tuath 'i gceantair fíoríogair'.

Tá sraith gearán déanta faoi líon na scáileastát ar fud na hÉireann. Chreid mórán nár chóir glacadh le hiarratais ar chead pleanála do na heastáit tithíochta seo.

I réigiún eile idir 2005 agus 2009, ardaíodh ábhair imní faoi 23 iarratas pleanála ar leith a ceadaíodh. Cuireadh 15 iarratas díobh sin ar ceal níos déanaí.

(a) Cá gcuirtear iarratais ar chead pleanála? (1 mharc)

______________________________________________________________

(b) Ainmnigh rud **amháin** a chaithfear a chur isteach in éineacht le foirm iarratais nuair a bhíonn cead pleanála á lorg. (1 mharc)

______________________________________________________________

(c) Liostaigh **dhá** chúis a gcaithfear fógraí do chead pleanála a chur go soiléir ar an suíomh agus i nuachtán atá ar fáil go háitiúil. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________

______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

______________________________________________________________

**4.**




(a) Liostaigh **dhá** rud a dhéanaimid anois inár dtithe chun an timpeallacht a chosaint. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

(b) Is 'modh machnaimh nua' é an meas atá ag daoine ar an bhfiúntas a bhaineann le hobair dheonach inár bpobail. Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do dhaoine óga obair dheonach a dhéanamh ina bpobal áitiúil. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

**5.**

'Oifig Phoist Áitiúil Dúnta'

'Loitiméireacht' 'Déileáil drugaí'

'Laghdú ar Sheirbhís Iompair Áitiúil'

(a) Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhféadfadh na baill de phobal eolas faoi cheist ar leith a scaipeadh i measc an phobail. (1 mharc)

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(b) Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhfaigheadh pobal tacaíocht na bpolaiteoirí áitiúla do cheist ar leith. (1 mharc)

______________________________________________________________

______________________________________________________________

## Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha (15 mharc)

**1.**

**NÍ FÉIDIR GLACADH LE DUMPA DRAMHAÍOLA AN BHÁIS, A DEIR CONCERN**

**Lainseáil Concern Worldwide tuarascáil inniu a leagann béim ar an drochthionchar a bhíonn ag drochdhiúscairt dramhaíola ar shaol na ndaoine in Nairobi sa Chéinia. Deir Concern nach féidir glacadh leis go mbeadh 10,000 duine – a lán díobh ina bpáistí – ag iarraidh a mbeatha a shaothrú lá i ndiaidh lae ar láithreán dumpála ollmhór sa chathair. Tá an láithreán dumpála ann toisc nach bhfuil córas bainistithe dramhaíola éifeachtach ann agus tá sé suite i gceann de na comharsanachtaí is boichte sa chathair.**

**Tá níos mó ná leath díobh sin a bhíonn ag cuardach sa dumpa, lá i ndiaidh lae, faoi 18 mbliana agus tá mórán díobh chomh hóg le 10 mbliana d'aois fiú amháin. Tá formhór na bpáistí seo éirithe as an scoil chun dramhaíl a shórtáil agus a athchúrsáil. Saothraíonn siad thart ar €1 sa lá. Cuireann sin go mór le hioncam an tí agus le maireachtáil an teaghlaigh. Tá an truailliú ón láithreán dumpála ag cur le drochshláinte na ndaoine, go háirithe galair análaithe, fadhbanna inchríneacha agus ailse.**

(a) Liostaigh **dhá** cheart a cheiltear ar na páistí a bhíonn ag cuardach sa dumpa. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(a) Cén fáth dar leat a gceadaíonn na teaghlaigh do na páistí seo a bheith ag obair ar an dumpa? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Cad a d'fhéadfadh eagraíochtaí mar Concern a dhéanamh chun cabhrú leis na páistí seo? (1 mharc)

______________________________

**2.**

*Amhail an sclábhaíocht agus an chinedheighilt, ní rud nádúrtha í an bhochtaineacht. Is é an duine a dhéanann í agus is féidir í a chloí le gníomhartha an duine.* *Nelson Mandela, 2005*



An aontaíonn tú le ráiteas Nelson Mandela? Tabhair cúis **amháin** le do thuairim. (2 mharc)

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ (cuir tic ✓ le do rogha)

Mínigh: ______________________________

______________________________

**3.**

**Maireann leath an domhain – 3 bhilliún duine beagnach – ar níos lú ná $2 sa lá.**

**Ceist áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta is ea an bhochtaineacht.**

Déan cur síos ar **dhá** ghníomh seachas airgead a thabhairt a d'fhéadfá a dhéanamh chun dul i bhfeidhm go dearfach ar cheist na bochtaineachta. (2 mharc)


1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**4.**




Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí thuas a úsáidtear i gCóras Ceartais Choiriúil na hÉireann. (4 mharc)

Téarma: ______________________________

Míniú : ______________________________

______________________________

Téarma: ______________________________

Míniú: ______________________________

______________________________

**5.**

**Cothromas Inscne sa Dáil – Rud don Todhchaí?**

San olltoghchán deireanach níor toghadh ach 25 bean as 166 TD san iomlán sa Dáil. Is ionann sin agus 15% de bhallraíocht na Dála agus is é an céatadán is airde riamh é de theachtaí baineanna a toghadh in Éirinn. D'ainneoin sin, tá ráta na n-ionadaithe tofa i bparlaimint na hÉireann atá ina mná ar na rátaí is ísle san Eoraip.

Beidh reachtaíocht nua i bhfeidhm don chéad olltoghchán eile in 2014. Leagtar síos ansin go gcaithfidh ar a laghad 30% de na hiarrthóirí a chuirfidh na páirtithe polaitíochta ar aghaidh don toghchán a bheith ina mná. Ní chiallóidh sé seo go dtiocfaidh méadú ar líon na mban a thoghfar do Dháil Éireann ach ciallóidh sé go mbeidh méadú ar líon na mban a sheasfaidh sa toghchán. Má dhiúltaíonn páirtithe polaitíochta cloí leis an riail seo beidh orthu pionóis throma airgeadais a íoc.

(a) Cén fáth an smaoineamh maith é breis Teachtaí Dála baineanna a bheith ann? (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) '*Ní chiallóidh sé seo go dtiocfaidh méadú ar líon na mban a thoghfar do Dháil Éireann*'.
Luaigh cúis **amháin** go mb'fhéidir nach dtiocfaidh méadú ar líon na mban a thoghfar do Dháil Éireann. (2 mharc)

______________________________

______________________________

**Ceist C4: Ag dul i gcúram ruda** (15 mharc)

**1.**

Tá Seán dhá bhliain is fiche d'aois agus cuireadh é as obair sé mhí ó shin. Níl foinse ioncaim ar bith aige anois ach amháin Liúntas Cuardaitheora Poist. Tá cónaí air in árasán deas le beirt eile, ach tá sé deacair air a chíos a íoc chomh maith le billí tí eile. Bhíodh Seán ag saothrú thart ar €400 sa tseachtain. Bhíodh sé in ann a bhillí a íoc agus saol sóisialta maith a bheith aige.
An samhradh seo caite, fuair sé iasacht ón gComhar Creidmheasa chun dul ar saoire ach níl sé in ann na haisíocaíochtaí a dhéanamh le cúpla mí anuas. Tá bille €1,250 ar a chárta creidmheasa aige freisin. Cé go ndéanann sé iarracht gan an cárta a úsáid rómhinic, úsáideann sé anois agus arís é chun íoc as oíche amuigh lena chairde.

Níl Seán in ann a bhillí go léir a íoc agus caithfidh sé plean a dhéanamh amach chun cúrsaí a fheabhsú. Tabhair breac-chuntas ar an gcomhairle a chuirfeá ar Sheán faoi seo (3 mharc)

(a) Bille cárta creidmheasa: ______________________________

______________________________

(b) Cíos agus billí tí eile: ______________________________

______________________________

(c) Iasacht ón gComhar Creidmheasa: ______________________________

______________________________

**2.** (a) Nuair a fuair Seán iasacht bhí sé i dteideal, de réir an dlí, '*tréimhse shuaimhnithe deich lá*' a bheith aige. Céard é *'tréimhse shuaimhnithe deich lá'*? (1 mharc)

______________________________


______________________________

(b) Cén fáth a mbeidh ar Sheán níos mó a íoc ar ais ná mar a fuair sé ar iasacht? (1 mharc)

______________________________

______________________________

**3.**




(a) Bíonn na *riachtanais chíosa* go léir seo ag teastáil de réir dlí. Roghnaigh **dhá** cheann de na riachtanais chíosa agus mínigh an dá cheann díobh. (2 mharc)

Riachtanas cíosa: ______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

Riachtanas cíosa: ______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

(b) Liostaigh **dhá** shlí a bhféadfá duine a fháil chun áit chónaithe a roinnt leat. (2 mharc)

1. ____________________

2. ____________________

**4.** (a) Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le gan ach airgead tirim a úsáid chun do chúraimí airgeadais a láimhseáil. (2 mharc)

Buntáiste: ____________________

____________________

Míbhuntáiste: ____________________

____________________

(b) Bíonn domhan an airgeadais agus na tráchtála sa lá atá inniu ann ag brath ar aistriú leictreonach airgid.




Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí thuas. (2 mharc)


Téarma: ____________________

Mínigh: ____________________

Téarma: ____________________

Mínigh: ____________________

**5.** Mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas faoi mar a bhaineann siad le teach a cheannach. (2 mharc)




1. ____________________

____________________

2. ____________________

____________________

Leathanach bán

Leathanach bán

Leathanach bán